

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T77
Ainm an Agalláí	Patrick Nelis
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	29/8/2006
Suíomh an Agallaimh	Mín na hAbhann
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

\ _____ ' **Tosach lochtach**\ _____ + ' **Focal dothuigthe**.... **Níos mó ná focal amháin dothuigthe**[] **Beirt ag caint ag an am amháin**[] **Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Inis, inis seo domh a *Phat*, bhí an ceantar seo faoi Lord Liatrom a dúirt tú?

PAT: Bhí.

DÓNALL: Inis domh, bhí sé ina dhiabhail cheart, nach raibh?

PAT: Bhí an cnoc sin, bhí, caidé an Gaeilge atá ar *fence?*(Gáire)

DÓNALL: Bhí sconsa thuas aige.

PAT: Sconsa thuas aige agus *eh*, ar feadh cúpla bliain. Agus bhí na, an t-eallach sin aige a raibh na adharca fada orthu, *Halinters???* a bhí iontu.

DÓNALL: Sea.

PAT: Agus *eh*, tháinig droch bhliain ansin, chaill sé cuid acu agus thug sé leis iad agus chuir sé suas caoraigh ann. Agus tháinig bliain, tháinig Geimhreadh millteanach, chaill sé léir de na caoraigh agus thit an *fence* agus tá cuid de, cuid de na *stabs* anseo. Agus stad sé de.

DÓNALL: An bé sin na caoraigh brocacha a *Phat*?

PAT: Sea.

DÓNALL: Sea.

PAT: Caoraigh adharcach.

DÓNALL: Sea.

PAT: Sea. Agus stad sé de chur suas caoraigh ann.

DÓNALL: Droch thiarna a bhí ann, nach bé?

PAT: Ó sea cinnte. Scaoileadh é.

DÓNALL: Sea. Caidé, caidé mar a mhothaigh tusa an scéal sin a *Phat*?

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Caidé, caidé an t-eolas atá agat ar an scéal sin fá na...?

PAT: Ó bhí m'athair mór, bhí sé ag rá, is cuimhne leisean é, bhí siad thart fan teach anseo. Na hainmhithe. Tairbh.

DÓNALL: Sea.

PAT: Agus ba. Bhí siad tuirseach amach leofa deir siad, bhí sé ag rá. (Gáire) Cha dtiocfadh leat a dhath a dhéanamh. Sin dá rachadh bó ná ainmhithe ar bith isteach thoir ar, ar, bhí, bhí fir ag amharc fá dtaobh daofa agus bhí áit acu a dhruideadh siad istigh iad. Chaitheadh, chaitheadh siad díol ar shon iad a fháil amach.

DÓNALL: Iad a fháil. Chaití isteach sa phunt iad, sin an t-ainm a bhí air.

PAT: Punt, *aye*.

DÓNALL: Punta, *yeah*.

PAT: *Mmm, hmm*.

DÓNALL: *So* bhí punta anseo?

PAT: Bhuel bhí punt amuigh sa '_____' sa Tearmann.

DÓNALL: Sea.

PAT: Agus chaithfeá a ghabháil amach fá na choinne, fá choinne, fá choinne an eallach. Dá mbeadh siad, dá bhfaigheadh siad ar an chnoc iad. Chuireadh siad isteach sa phunta iad.

DÓNALL: Agus caidé an méid a chaithfeá a dhíol, creidim gur bé punta?

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Caidé an méid a chaithfeá a dhíol le iad a fháil amach, a *Phat?*

PAT: Ó, seacht scillinge a bheadh, chuir siad ceann den, chuir siad bó roimhe m'athair mór agus chaitheadh sé a ghabháil amach fá na choinne, seacht scillinge.

DÓNALL: *Jesus*, sin crág mhór.

PAT: Bhuel an t-am sin, bhí sé go leor (gáire).

DÓNALL: Bhí.

PAT: Cha raibh airgead ar bith fágtha acu le móin a bhaint, bhí siad ag gabháil go Rath Mealtáin ó thairbhe an mhóin ar trí scillinge an lód.

DÓNALL: D'athair mór?

PAT: *Aye.*

DÓNALL: Baint móin in Rath Mealtáin?

PAT: *Aye.* Le beithíoch agus *cart*. Bhí siad ag díol an mhóin i Rath Mealtáin.

DÓNALL: Ó, bhí siad a dhíol i Rath Mealtáin?

PAT: Bhí cinnte, *aye*.

DÓNALL: Tuigim anois. Trí scilling an lód?

PAT: *Aye*, thart fá seo bhí siad uilig ag gabháil go Rath Mealtáin le móin. Cha raibh, cuid acu in Albain, le corrán, baint arbhair.

DÓNALL: Sea. Le corrán.

PAT: *Aye. Mmm, hmm.* Bhí seisean in Albain le corrán a dúirt sé.

DÓNALL: D'athair mór ná d'athair?

PAT: M'athair mór.

DÓNALL: D'athair mór.

PAT: *Aye.*

DÓNALL: *Jesus*, bhí sin crua, nach raibh?

PAT: Bhí cinnte. Bhí. Ó ní, cha raibh airgead ar bith le fáil an t-am sin.

DÓNALL: *No*. Inis domh, rachaidh muid ar ais ag an Tiarna Liatrom a *Phat*.

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Ar chur sé daoine amach as a gcuid talaimh anseo? An Tiarna Liatrom.

PAT: Chuir sé cuid acu amach, chuir. Chuir sé cuid acu amach nuair nach raibh siad...

DÓNALL: Ag díol an chíos.

PAT: Ag díol an chíos. Chuir cinnte.

DÓNALL: Ar an bhaile seo a *Phat*, an bé?

PAT: Ó bhí, thart fá seo. Bhí thart fan áit, bhí ait ag an *viaduct* ansin.

DÓNALL: Sea.

PAT: Chuir sé sin, chuir sé iad sin amach, chuir. Cha raibh siad ag díol an chíos.

DÓNALL: Chuir sé amach léir daoine ná?

PAT: Ó chuir sé amach léir daoine cinnte, chuir. Chuir cinnte.

DÓNALL: Agus c'áit a deachaigh siad a *Phat*?

PAT: Ó, níl a fhios agam, ó chuaigh siad, d'ímigh cuid acu go Albain sílim. Ó bhí sé ina ógánach.

DÓNALL: Bhí.

PAT: Bhí leoga.

DÓNALL: Inis domh fá, caidé an scéal ar mhothaigh tú fan t-am ar maraíodh é a *Pha?*

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Caidé, caidé mar a mhothaigh tú an scéal fan t-am ar maraíodh é? Lord Liatrom.

PAT: Ó an t-am a maraíodh é, bhí. Maraíodh thuas sa nGallóglach é ná chóir...

DÓNALL: Chóir, chóir Bhaile na nGallóglach.

PAT: *Aye.*

DÓNALL: Sea.

PAT: Chóir, bhí sé ag gabháil go Baile na nGallóglach agus tháinig siad trasna ar an bhád as Fanad agus scaoil siad é agus bhí culaith *steel* air. Bháigh siad é, in poll.

DÓNALL: Ar dear?

PAT: Poll an uisce. Rinne.

DÓNALL: Bháigh siad é.

PAT: Cha raibh siad ábalta é a scaoileadh, cha, bhí *viste?????*, iarainn air.

DÓNALL: Sa dóigh nach scaoilte é, sea.

PAT: *Mmm, hmm.* Agus cha dtiocfadh leo a dhath a dhéanamh le é a mharú, é bhádh. Óra, rinne siad ceart leis. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Chan leath luath go leor.

PAT: (Gáire)

DÓNALL: Inis seo domh anois a *Phat*, thug tú aníos fan *viaduct* thíos ansin, go díreach os ár gcoinne amach, níl se cúpla céad slat ó seo, inis domh do chuimhne ná an scéal, mar a mhothaigh tú an scéal fá nuair a thit an traen, nuair a d'ímigh sí de na ráillí.

PAT: Ó nuair a tháinig an traen den ...

DÓNALL: Sea. Níl cuimhne agat féin ar sin?

PAT: Ó níl ar scor ar bith.

DÓNALL: *No?*

PAT: Níl

DÓNALL: *No.*

PAT: Bhí, bhí.

DÓNALL: Bhí sé roimhe d'am.

PAT: Bhí oíche scáfar ann agus bhí, tháinig, tiomáin, thiomáin sé leis agus thug sé, thug se an taobh amach as na carráistí, thit siad síos. Chífidh, chífidh tú an áit ar....

DÓNALL:Ó chonaic mé ag teacht aníos domh é....

PAT:thit siad síos. *Aye.* Agus bhí fear thíos ansin, Dúgáin, bhí sé, maraíodh eisean, tháinig sé anuas fríd na clocha. Bhí cúigear acu marbh, beirt as, beirt as an Fál Carrach agus beirt as Gaoth Dobhair, sílim. Ná beirt as Toraí an bé? Ná, ná Árainn Mór sílim. Bhí siad ar an traen. An oíche sin.

DÓNALL: Sé an ghaoth mhór a leag iad a *Pha?*

PAT: Gaoth mhór cinnte, *aye.*

DÓNALL: Leag sé an traen de na ráillí.

PAT: Thug sé an traen den *viaduct.* Na carráistí. Séideán millteanach a bhí ann. Cha raibh sé, cha raibh se millteanach scáfar, séideán.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

PAT: Go díreach, *hmm, hmm.*

DÓNALL: *So* ar dtug daoine na háite tarrtháil go díreach, creidim gur lár na hoíche a bhí ann, an bé?

PAT: *Eh, aye,* bhuel, ó bhí sé, an naoi nó an deich a chlog sílim. Bhí m'athair, m'athair agus an fear seo thíos, chonaic siad an traen ag gabháil de. Bhí a fhios acu go raibh an t-athair, athair Dúgáin ar an traen agus fuair siad é, bhí sé marbh.

DÓNALL: Bhuil se a chloigeann ar na clocha, creidim?

PAT: Ó cinnte, rinne cinnte.

DÓNALL: Ach tháinig cuid acu amach as saor go leor, nach dtáinig?

PAT: Tháinig, bhí, bhí, bhí léir acu, bhí, bhí léir acu, ná, nach, fuair siad ar shiúl *anyway*.

DÓNALL: Sea.

PAT: Bhí siad, an t-ádh orthu.

DÓNALL: Tá mé ag gabháil a chur ceist ort anois fá Niall Mac Giolla Bhríghde a *Phat*, do chuid eolais air.

PAT: Beireadh air, bhí sé ag rá nach raibh ainm ar bith ar an charr, ar an *chart* agus dúirt sé ansin i mBéarla "*never you hear such a name on a tray as Morris atoorali, ooralí, ae*". Sin a (gáire), sin an rud, bhí an gar, shíl, sin an rud a chuala, sin an rud a bhí an garda ag déanamh amach a bhí ar an charr (gáire).

DÓNALL: Ní raibh a fhios aige caide.

PAT: Cha raibh sé ábalta é a léamh.

DÓNALL: *So*, caidé a, scríobh, scríobh Niall a ainm ar an charr i nGaeilge, an bé sin?

PAT: Sea, cinnte.

DÓNALL: Agus caidé, ní raibh cead agat sin a dhéanamh?

PAT: Ó, chaitheadh tú d'ainm a bheith ar an charr i dtólamh. Ach bhí a ainm, chuir seisean a ainm i nGaeilge air. Cha raibh an garda ábalta

DÓNALL: A léamh.

PAT: Á léamh (gáire.)

DÓNALL: Agus fuair sé príosúnacht amach as, nach bhfuair?

PAT: Ó, bhí se sa phríosún, sílim. Bhí. (Gáire) Bhuel, dúirt siad sin *anyway*. Bhí siad ag rá sin.

DÓNALL: Sheasaigh sé an fód ar scor ar bith.

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Sheasaigh se an fód ar scor ar bith, scríobh se a ainm i nGaeilge.

PAT: Sea, bhuel, ó rinne sé léir amhráin.

DÓNALL: Bhí sé maith ag cumadh, nach raibh?

PAT: Bhí, ó *God*, bhí cinnte.

DÓNALL: Raibh a fhios agat cuid de na hamhráin a rinne sé?

PAT: Mo Chró Beag ag bun Chnoc an Tigh.

DÓNALL: Sea, sin ceann mór dena chuid.

PAT:

Is iomaí áit álainn in Éirinn,
Ag lucht file is lucht foghlaim faoi cheol,
Measaimse gleannta Thír Chonaill an áit ann is deise le fáil.
Cha dtabharfainn-se ar choróin Rí Éamoinn is a feara is a stór mianach buí,
Mo chónaí beag féin i dTír Chonaill,
Mo Chró beag ag bun Chnoc an Tigh.

Níl a fhios agam a dhath, sin a, sin a bhfuil a fhios agam. As an scéal sin, as an.
Bhí a fhios agam uilig é ach rinne mé dearmad de.

DÓNALL: D'fhoghlaim tú ar an scoil é, creidim.

PAT: *Eh?*

DÓNALL: D'fhoghlaim tú sin ar an scoil i do ghasúr óg?

PAT: D'fhoghlaim.

DÓNALL: *Yeah*, tá sin speisialta maith, nach bhfuil?

PAT: Bhí sé sa leabhair.

DÓNALL: Níl cuimhne ar bith agat ar Niall, an bhfuil a *Phat?*

PAT: *Á*, níl, chan fhaca mé ariamh é.

DÓNALL: *Yeah.*

PAT: Niall Mac Giolla Bhríghde.

DÓNALL: Bhuel tháinig athrach mór ó d'ímigh seisean, níl, níl mórán Gaeilge fágtha anois a *Phat*.

PAT: Níl. Níl Gaeilge ar bith thart anois.

DÓNALL: Tá sí ag imeacht gasta, nach bhfuil?

PAT: Tá Gaeilge, Gaeilge ag Antoin, uncail de *John*, thiar an Grianaire????

DÓNALL: Sea. Casadh orm an fear sin uair amháin.

PAT: Ó bhí sé, ba ghnách leis a bheith ag amharc i ndiaidh an abhainn.

DÓNALL: Tá Gaeilge mhaith aige sin, nach bhfuil?

PAT: Ó, tá, tá cinnte.

DÓNALL: *So* creidim gur sibh féin an t-aon, an t-aon theaghlach anseo anois atá ag caint i nGaeilge a *Phat*?

PAT: *Eh?*

DÓNALL: Sibh féin an t-aon theach anseo atá ag caint i nGaeilge anois, an bé, i do bharúil.

PAT: Níl, níl mórán thart fá seo ag caint Gaeilge.

DÓNALL: Níl.

PAT: Níl.

DÓNALL: Is mó an péacadh sin.

PAT: Ó sea cinnte.

DÓNALL: Tá sí chóir a bheith marbh.

PAT: Tá siad uilig marbh `_____+', stad siad de chaint Gaeilge thart fá seo.

DÓNALL: Ní thiocfaidh sí ar ais a *Phat*, an dtiocfaidh i do bharúil ná?

PAT: *Eh?* Á, cha, tá cuid acu, tá Gaeilge leabhair acu.

DÓNALL: *Mmm.*

PAT: Agus tá sean Ghaeilge

DÓNALL: Tá sean Ghaeilge uilig ar shiúl.

PAT: Tá an tsean Ghaeilge ar shiúl ar fad, tá.

DÓNALL: Ní, níl an blas chéanna ar an Ghaeilge cibé.

PAT: Ó, níl ar scor ar bith.

DÓNALL: Treabhadh leofa go díreach, nach bé?

PAT: *Aye.* Tá siad doiligh a thuigbhéil.

DÓNALL: Tá a fhios agam. Bhuel creidim go bhfuil siad ag déanamh a ndícheall ach ní an blas chéanna í ar chorr ar bith, ní hé?

PAT: Ó níl ar chor ar bith.
